

museum

National Museum of Ireland

Ard-Mhúsaem na hÉireann

Cúntóir Forbartha Tráchtála

(Leibhéal Oifigeach Cléireachais)

Tá **Ard-Mhúsaem na hÉireann** ag lorg duine cumasach, fuinniúil agus féin-spreagtha chun dul isteach inár bhFoireann Oibríochtaí chun post **Cúntóir Forbartha Tráchtála** (Leibhéal Oifigeach Cléireachais) a líonadh chun tacú leis an leathnú atá á dhéanamh i gcónaí ar ghníomhaíocht tráchtála an Mhúsaem agus é a riar. Post buan lánaimseartha é seo

Cur Síos Gonta ar an bPost:

Beidh sé de chúram ar an oibrí seo cabhrú chun toradh tráchtála a bhaint amach don Mhúsaem ó ghníomhaíochtaí atá anois ann, m.sh. cearta agus atáirgeadh, ligean ionaid, suíomh do scannáin, carrpháirceáil agus bronntanais.

Déileálfaidh an té a cheapfar leis na hiarrataí laethúla ar chearta agus ar atáirgeadh agus rachaidh sí/sé i dteagmháil leis an roinn grianghrafadóireachta chun seirbhís a sholáthar don phobal ar bhealach éifeachtach tráthúil.

TREORACHA CHUN IARRATAS A DHÉANAMH

Íoslódáil foirm iarratais agus doiciméid eile ó <https://www.museum.ie/en-IE/About/Careers/Vacancies>

Iarrtar ar iarratasóirí foirm iarratais a líonadh isteach agus CV suas chun dáta agus litir chlúdaigh a chur isteach leis. Caithfear gach ceist ar an bhfoirm iarratais a fhreagairt agus iad a chlósscríobh. Ní ghlacfar le hiarratais lámhscríofa.

Iarraimid ort **gach ceann de na trí dhoiciméad a chomhcheangal agus a chur isteach i bhfoirm PDF amháin** Mura ndéantar, féachfar air mar iarratas neamhiomlán agus ní chuirfear san áireamh é.

Tosaigh an próiseas iarratais ar leathanach [Vacancies](#).

Céimeanna chun Iarratas a Dhéanamh:

- Gabh chuig an leathanach Vacancies agus roghnaigh an post ar mian leat cur isteach air.
- Léigh sonraí iomlána an phoist sa Leabhrán Eolais.
- Feicfidh tú na doiciméid atá riachtanach do d'iarratas i bhfoirm nasc ar an leathanach seo.
- Cliceáil gach doiciméad agus osclóidh sé i bhfuinneog nua. Déan gach doiciméad a íoslódáil/a shábháil ar do ríomhaire/ar do ghléas.

- Líon isteach na doiciméid riachtanacha, agus déan PDF amháin de na doiciméid, do CV agus do litir chumhdaigh.
- Agus é sin déanta, fill ar shuíomh gréasáin an NMI agus críochnaigh an próiseas iarratais.
- Arís, ón leathanach [Vacancies](#) roghnaigh an post is mian leat cur isteach air.
- Clliceáil an cnaipe Apply Now
- Líon isteach an fhoirm
- Uaslódáil do PDF aonair ceangailte

Iarrtar ort **seoladh ríomhphoist bailí monatóirithe** a thabhairt ar an bhfoirm iarratais. Úsáidfean an seoladh chun fáil an iarratais a admháil leat agus mar an príomhfhoirm teagmhála a bheidh againn le hiarratasóirí.

Ní mór d'iarratasóirí aird a thabhairt ar an dáta agus ar an am deiridh, a chuirfean i bhfeidhm gan eisceacht.

Spriocdháta na nIarratas

**Ní mór iarratais a bheith faighte ar 17:00 tráthnóna
Dé hAoine, 16 Aibreán 2021**